EAGRÁN 26 EANÁIR 2013

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

Tá súil againn go raibh Nollaig deas agaibh agus athbhliain faoi sheán agus faoi mhaise.

Ins an eagrán seo den Nuachtlitir caitheann muid súil siar ar na tionscnaimh a bhí idir láimhe againn i 2012. Is í 2013 Bliain na Gaeilge agus eagrófar clár imeachtaí, comórtais agus tionscadail Ghaeilge ar fud na tíre le deis a thabhairt don phobal an teanga Ghaeilge a cheiliúradh (tá tuilleadh faoi seo ar leathanaigh 7 agus 8). Beidh Comhar Dún Chaocháin Teo ag iarraidh na beartais atá luaite ina phlean teanga (Tionscnamh Pleanála Teanga sa Ghaeltacht : Paróiste Chill Chomáin) a chur i bhfeidhm le cuidiú ó na heagraíochtaí cuí agus le dea-thoil an phobail.

We hope you had an enjoyable Christmas and wish you all a happy and healthy new year.

In this issue of the Newsletter we glance back on the projects which were undertaken in 2012. 2013 is *Bliain na Gaeilge* and a year-long programme of events, competitions and Irish language projects will be organised throughout the country to provide people with an opportunity to celebrate the Irish language (see pages 7 and 8 for further details). Comhar Dún Chaocháin Teo will be focusing on the recommendations of its Irish language plan (Tionscnamh Pleanála Teanga sa Ghaeltacht : Paróiste Chill Chomáin) which it hopes to implement with the assistance of the appropriate agencies and with the co-operation of the community.

Tír gan teanga, tír gan anam.

*** Nuachtlitir Áitiúil * A Community Newsletter**

*** Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal**

*** Provides a voice for the local community and an update on development issues**

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teagmhála	2
Súil Siar / Annual Review	3–7
Bliain na Gaeilge 2013	7–8
Scéalta Eile / Other News	9–12
Rural Social Scheme	12

Foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo (i gcomhar le fo-choiste Ghlór na nGael

Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn / The Management Committee

Cathaoirleach:	Séamus Ó Murchú
Rúnaí:	Seán Mac Aindriú
Cisteoir:	Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile:	Micheál Ó Seighin, Caitlín Uí Sheighin, Micheál Ó Murchú, Micheál de Búrca, agus Uinsíonn Mac Graith.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Dún Chaocháin Teo atá cláraithe le Clárlann na gCarachumann. Tá sé mar ráiteas misin aige oibriú go gníomhach ar shon forbairt theangeolaíocha/chultúrtha, bhonneagartha, oideachasúil agus shóisialta paróiste Chill Chomáin agus acmhainní nadúrtha agus daonna an cheantair a fhorbairt ar bhealach chomhtháite. Ag comhoibriú le Coiste Ghlór na nGael, grúpaí forbartha áitiúla agus eagraisí éagsúla stáit tá roinnt tograí curtha i gcrích go dáta.

Comhar Dún Chaocháin Teo is a community development co-operative which is registered with the Registry of Friendly Societies. Its mission is to work in a proactive way to promote the linguistic/cultural, infrastructural, educational and social development of the parish of Cill Chomáin and to develop in an integrated way the material and human resources of the area. Working in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, local development groups and various state agencies a number of projects have been undertaken to date.

Ionad Eolais / Information Office

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg áit a bhfuil na seirbhísí seo a leanas le fáil:-

Eolas agus comhairle do choistí pobail maidir le ról na n-eagras forbartha, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe &rl.

Foirmeacha iarratais ar scéimeanna éagsúla mar shampla deiseanna traenála &rl.

Seirbhísí cóipéala, laminating agus facs

Seirbhísí eolais do chuairteoirí - léarscáileanna, bróisiúirí, leabhráin, dlúthdhioscanna, cártaí poist, leabharlann d'ábhar béaloideasa agus liteartha Gaeilge, taispeántas grianghraif &rl.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg where the following services are available:-

Information and assistance to community groups in relation to the role of development agencies, developing and managing projects, sourcing funding etc.

Application forms on various schemes including training opportunities etc.

Photocopying, laminating and fax services.

Visitor information including maps, brochures, booklets, CD ROMs, postcards, a library of folklore and Irish language material, photographs etc.

Guth an Phobail / Have Your Say

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais. Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information. We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next issue.

Déan teagmháil le **Treasa Ní Ghearraigh, Comhar Dún Chaocháin Teo,**
An tSeanscoil, Ceathrú Thaidhg, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Guthán: 097 88082 **Ríomhphoist: dunchaochain1@eircom.net**

Súil Siar/ Annual Review

Ag cruinniú cinnbhliana Chomhar Dún Chaocháin Teo sa Seanscoil ar an 19ú Samhain rinne an bainisteoir Treasa Ní Ghearraigh cur i láthair ar obair na bliana 2012.

Tá caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge ar cheann de na príomhspriocanna atá ag an gcomharchumann. Léiríonn 'An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sna Gaeltachtaí' go bhfuil dúthshlán roimh pobail agus eagraisí stáit atá ag feidhmiú sna ceantracha Gaeltachta an Ghaeilge a choinneáil beo mar theanga pobail i bhfianaise a phráinní is atá an staid reatha teanga. Eagraítear cúrsaí Gaeilge agus seirbhísí aistriúcháin in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile, áit a bhfuil acmhainní tacaíochta foghlama ar nós leabhair, téipeanna, fiseáin agus bogábhar ríomhaireachta le fáil ag scolairí, grúpaí áitiúla foghlama agus grúpaí a thugann cuairt ar an gceantar le Gaeilge a fhoghlaim nó le taighde a dhéanamh.

I gcomhar le hIonad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus Údarás na Gaeltachta, tá cúrsaí gaeilge d'fhoghlaimeoirí fásta faoi lánsheol chuile oíche Dé Máirt le Leibhéal A1 (le haghaidh tosaitheoirí) Leibhéal A2, Leibhéil B1 agus B2.

I measc na spriocghrúpaí a dhéanann an comharchumann freastal orthu tá páistí réamhscoile. Is seirbhísí réamhscoile trí Ghaeilge iad Naíonra Dhún Chaocháin, atá lonnaithe sa Seanscoil, agus Naíonra Ghleann na Muaidhe atá lonnaithe in ionad tacaíochta teaghlaigh i nGleann na Muaidhe. Faigheann na tograí cúraim leanaí seo airgeadú ón gClár Infheistíochta Náisiúnta Cúraim Leanaí, atá faoi chúram na Roinne Sláinte agus Leanaí agus atá maoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013. Cuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Coiste Cúraim Leanaí Chondae Mhaigh Eo agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo tacaíocht agus comhairle ar fáil.

I mí Iúil eagraíodh campaí samhraidh i gCeathrú Thaidhg agus i nGleann na Muaidhe i gcomhar le Coiste Campaí Samhraidh Iorrais, faoi Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta. Is í an Ghaeilge an teanga feidhme sna campaí, a chuireann imeachtaí siamsaíochta, oideachaisiúil agus cultúrtha ar fáil do pháistí bunscoile an cheantair.

Bunaíodh Óige na Gaeltachta Teo i 2006 chun seirbhísí óige go hiomlán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do ghrúpaí /eagraíochtaí atá ag plé leis an óige ins na Gaeltachtaí ar fud na tíre. I Meán Fómhair, ar chuireadh ó Chlub Óige Cheathrú Thaidhg, rinne an t-oifigeach óige Joanne Ní Fhlatharta cur i láthair i gColáiste Chomáin, Ros Dumhach chun cúlra agus imeachtaí na heagraíochta a mhíniú do thuismitheoirí agus dhéagóirí áitiúla. Ó shin i leith tagann baill an chlub le chéile sa gColáiste chuile oíche Dé hAoine le haghaidh imeachtaí éagsúla. Eagraitear ranganna damhsa traidisiúnta agus ranganna ceoil sa Seanscoil chuile Aoine chomh maith le Nessa Ní Chuimlín a bhfuil céim sa Damhsa agus Ceol Gaelach bainte aici ó Ollscoil Luimnigh.

Leis na hathraithe atá tagtha ar chúrsaí eacnamaíochta agus ar shaol an phobail tá gá le scileanna nua a fhoghlaim nó barr feabhas a chur ar na scileanna atá ag daoine cheana féin sa gcaoi is go mbeidh deis níos fearr acu fostaíocht a aimsiú nó a ngnó féin a bhunú. Eagraíodh agus rinneadh freastal ar roinnt cúrsaí oiliúna i rith na bliana ina measc Traenáil Inseirbhíse Réamhscoile i gcomhar le Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo agus Coiste Cúraim Leanaí Chondae Mhaigh Eo; ceardlanna bainistíochta le hÚdarás na Gaeltachta; taispeántais chócaireachta le Calann Uí Cheallaigh; lámhseáil meachain i gcomhar le Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin agus cúrsa ríomhaireachta le Seán Ó Muineacháin.

(Grianghraf: John Monaghan)

Tá Siúlóidí Ceathrú Thaidhg (Lúb Chlann Lir agus Lúb an Chlaí Dhuibh) ag mealladh cuairteoirí isteach sa gceantar agus eagraíodh siúlóidí treoraithe i rith na bliana. Ag tosnú amach agus ag críochnú ó lárionad na Seanscoile, tá gach siúlóid treormharcáilte le dath difrúil ag brath ar a dianacht. Déanann clár eolais agus bróisiúr dá-theangach ildaite cur síos ar sonraí na mbealaí agus ar phointí suimiúla. Agus é ag déanamh léargais ar shiúlóid Chlann Lir san Irish Independent, ba léir go ndeachaigh áilleacht an cheantair go mór i bhfeidhm ar an iriseoir Christopher Sommerville nuair a scríobh sé "What unrolled over the next couple of hours was one of the most breathtakingly wild and beautiful coastal walks I've ever encountered". Rinneadh oibreacha forbartha ar Shiúlóid na Binne Buí i gcomhar le Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin agus le hairgeadú Chomhairle Chondae Mhaigh Eo. Cuirfidh sé seo rogha siúlóide fad-bealaí ar fáil sa gceantar don chuairteoir.

Is feachtas féin-chabhrach Na Comhluadair Bheo i dtreo bhonneagartha eacnamaíochta agus cultúrtha na háite a neartú. Sé aidhm na gluaiseachta ná próifil an cheantair mar tháirge nó mar cheann scríbe turasóireachta a ardú i measc tíortha Eorpacha mar An Fhrainc agus an Ghearmáin agus líon na dturasóirí a mhéadú. Tá suíomh cuimsitheach idirlíne ina ghné thabhachtach den bhfeachtas margaíochta atá le feiceáil ag www.gaeltacht.info áit a bhfuil rogha pacáistí saoire le fáil chun freastal ar ghrúpaí éagsúla.

Chríochnaigh Diana Taylor, atá ar an Scéim Fostaíochta Pobail, an suirbhé ar iarsmaí seandalaíochta an pharóiste, áit ar aimsigh sí go leor láithreáin spéisiúla, tuamaí meigiliteacha san áireamh.

Is comhfhiontar é Seachtain Oidhreachta Náisiúnta idir Chomhairle na hEorpa agus Aontas na hEorpa, atá dá reachtáil ag An Comhairle Oidhreachta le tacaíocht na Roinne Ealaíne, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Fáilte Éireann i mí Lúnasa. I rith na seachtaine d'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo trí imeacht rathúil - taispeántas grianghraif agus léiriú sleamhnáin ar ghnéithe áirithe de shaol na tuaithe mar a bhí san am a caitheadh i gceantar Dhún Chaocháin le hUinsíonn Mac Graith; cuir i láthair ar ghnéithe de sheandalaíocht Chill Chomáin le Diana Taylor, agus siúlóid dúlra ar bharr ailt ag Cill a' Ghallagáin faoi threoir Shéamuis Uí Mhongáin. Ba mhaith leis an gcoiste buíochas ó chroí a ghlacadh le chuile dhuine a d'fhreastal ar na himeachtaí agus le hOifig Oidhreachta Chomhairle Chondae Mhaigh Eo a rinne páirt-mhaoiniú ar an gclár.

I Meán Fómhair eagraíodh Oíche Chultúir Náisiúnta faoi choimirce Thaisce Chultúrtha Bharra an Teampaill, le tacaíocht ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta agus i gcomhar le Comhairle Condae Mhaigh Eo agus eagraíochtaí cultúrtha ar fud na tíre. 'Séard a bhí i gceist ná ceiliúradh a dhéanamh ar shaibhreas cultúrtha agus ealaíne na tíre agus deiseanna a chur ar fáil don bpobal a bheith rannpháirteach in imeachtaí éagsúla. Ghlac dhá ionad is fiche ar fud Mhaigh Eo páirt san imeacht, Comhar Dún Chaocháin Teo ina measc. Eagraíodh 'Ceardlann Damhsa ar an Sean-Nós' sa Seanscoil leis an aoi speisialta Pádraig Ó Dubháin, a ghnothaigh an chéad áit agus Corn Náisiúnta TG4 sa rannóg Rince Aonair ar an Sean-Nós ag an Oireachtas 2011.

Leanadh ar aghaidh leis an obair shuirbhéireachta ar na teampaill sa pharóiste. Leanann sé seo ar an obair atá foilsithe cheana féin ar Theampall Chill Ghallagáin agus ar Sean-teampall Pholl a' tSomáis. Chríochnaigh Uinsíonn Mac Graith an suirbhé ar an teampall úr i Poll a' tSomáis chun na huaigheanna uilig a mharcáil ar phlean, agus rinne Diana Taylor taifead ar shonraí na gclocha cinn ag na teampaill ag Inbhear, Gleann na Muaidhe agus Greanaí.

Tá plean oibre timpeallachta an chomharchumainn dá chur i bhfeidhm faoi Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin, atá dá reachtáil ag Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin faoi scáth Údarás na Gaeltachta. I measc na hoibreacha a cuireadh i gcrích i 2012 bailíodh bruscair ar thránna agus ag na teampaill áitiúla mar chuid de bhfeachtais Glantachán Earraigh An Taisce agus Beartas in Aghaidh Bruscair Chomhairle Chondae Mhaigh Eo, tógadh balla cosanta gar don Alt Mór i bPort a' Chlóidh, rinneadh obair chothabhála ar shiúlóidí Ceathrú Thaidhg agus oibreacha feabhsúcháin ar an Seanscoil.

Nuair a d'fhógair an tAire Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil, Phil Ó hÓgáin, gradaim an Chósta Ghlais 2012 ainmníodh trá Phort a' Chlóidh i measc na dtránna a bhain an gradam náisiúnta timpeallachta seo amach. Tá an gradam bunaithe ar thimpeallacht neamhmhillteach, caighdeán ard uisce a chomhlíonann treoracha an Aontas Eorpach, agus áilleacht nádúrtha.

Bhí margadh ag Margadh Feirmeoirí Iorrais i gCearnóg Chartúir i mBéal an Mhuirthead chuile Shatharn i rith an tSamhraidh. Tugann an margadh feirmeoirí deis do dhaoine áitiúla dul i mbun táirgíochta agus seans do chaiteoirí bia úr, séasúrach agus caighdeánach ó cheantar Iorrais a bhlaiseadh.

I rith na bliana thacaigh an coiste le feachtas Guth na Gaeltachta agus Conradh na Gaeilge chun scéimeanna áirithe Gaeltachta a choinneáil agus rinneadh teagmháil le polaiteoirí ar an ábhar. Eagraíodh lá oscailte sa Seanscoil i mí Aibreáin chun an pobal a chur ar an eolas ar ról agus imeachtaí an chomharchumainn i bhforbairt pobail. Cuirtear eolas / cuidiú ar fáil do choistí deonacha ar chonas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe arl. Tá eolas agus foirmeacha iarratais le fáil ar scéimeanna éagsúla cosúil le deiseanna traenála agus forbairt fiontair, maraon le seirbhísí cóipéala, laminating agus facs. Foilsíodh Nuachtlitir Chill Chomáin, nuachtlitir ceathrú, a chuireann guth ar fáil don phobal agus a choinníonn an pobal ar an eolas ar chúrsaí reatha.

Ba mhaith le Comhar Dún Chaocháin Teo buíochas a ghlacadh leis na heagraisí seo a leanas a chuidigh leis i 2012 agus tá súil againn leanacht leis an gcomhoibriú i 2013 :- An Roinn Ealaíne, Oidhreachta agus Gaeltachta, Comhairle Chondae Mhaigh Eo, Údarás na Gaeltachta, FÁS, Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo, Foras Chroí na hÉireann, An Roinn Sláinte agus Leanaí, Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Coiste Cúraim Leanaí Chondae Mhaigh Eo, Barnardos, Fáilte Ireland, Foras na Gaeilge, Glór na nGael Teo, Óige na Gaeltachta Teo agus Coiste Gairmoideachais Chondae Mhaigh Eo.

At the Annual General Meeting of Comhar Dún Chaocháin Teo in the Seanscoil on 19th November last the Manager Treasa Ní Ghearraigh gave a progress report for 2012.

The promotion and preservation of the Irish language is one of the main objectives of the comharchumann (co-op). The study 'Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht – A Comprehensive Linguistic Study on the use of Irish in the Gaeltacht' illustrates the challenge facing communities and state agencies operating in Gaeltacht areas to preserve the Irish language, in light of the evidence of its decline as a community language. Irish language courses and Irish translation services are organised in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile (Language Centre) in Ceathrú Thaidhg where a special-purpose training room houses a library of learning resource materials including books, tapes, videos and computer software.

In conjunction with The Language's Centre, University College Maynooth and Údarás na Gaeltachta, The European Certificate in Irish (Teastas Eorpach na Gaeilge) courses are currently underway with Level A1 (Beginners), Level A2, Level B1 and B2 (intermediate) held on Tuesday nights.

Among the target groups catered for by the comharchumann are pre-school children. Naíonra Dhún Chaocháin in Ceathrú Thaidhg and Naíonra Ghleann na Muaidhe in Glenamoy are both community run, Irish language pre-school services which provide for the needs of children and their parents in these areas. These childcare projects currently receive funding from the Irish Government under the National Development Plan 2007 - 2013 through The National Childcare Investment Programme. The Health Services Executive, Mayo County Childcare Committee and Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo also provide assistance and advice.

In July Irish Summer Camps, which offer recreational, educational and cultural activities for local primary school children, were organised in Ceathrú Thaidhg and Gleann na Muaidhe in conjunction with Coiste Campaí Samhraidh Iorrais, with the assistance of funding received from Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta.

Óige na Gaeltachta Teo was set up in 2006 to provide youth services through the medium of Irish for groups or organizations operating in Gaeltacht areas. On the invitation of Club Óige Cheathrú Thaidhg its youth officer Joanne Ní Fhlatharta gave a presentation in Coláiste Chomáin, Ros Dumhach in September to explain the organization's background and activities to local parents and young people. Youth club members now

meet in Coláiste Chomáin every Friday to take part in various activities. Traditional Irish dancing classes and music lessons are also organised in the Seanscoil every Friday with Nessa Timlin who has a Bachelor of Arts in Irish Music and Dance from the University of Limerick.

Lifelong learning and the acquisition of new skills is an ongoing process. A number of training courses were organised and attended during the year including Pre-School Inservice Training in conjunction with Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo and Mayo County Childcare Committee; Management training organised by Údarás na Gaeltachta; cookery demonstrations with Calann Kelly; manual handling in conjunction with Cill Chomáin Rural Social Scheme and a computer skills course taught by John Monaghan.

The Ceathrú Thaidhg loop walks (Lúb Chlann Lir and Lúb an Chlaí Dhuibh) continue to attract visitors to the area and guided walks were organised during the year. Starting and finishing at the Seanscoil community centre, each loop is waymarked and colour-coded according to its level of difficulty. A bi-lingual information board and brochure provide details on trail directions and points of interest en route. In a feature in the Irish Independent writer and journalist Christopher Sommerville described the Clann Lir walk as '… one of the most breathtakingly wild and beautiful coastal walks I've ever encountered". Preliminary works were carried out on the Binn Bhuí Head Loop with the assistance of the Cill Chomáin Rural Social Scheme, and funding received from Mayo County Council. This new route will offer the visitor the option of a long distance walk in the area.

Na Comhluadair Bheo is a self-help initiative towards the economic and cultural revitalisation of the area. Its aim is to raise the profile of the area as a tourism product or destination particularly among European countries such as France and Germany. To help achieve this, a website has been designed which can be viewed at www.gaeltacht.info where a choice of holiday packages is available to cater for visiting groups.

An archaeological survey of the parish was updated by Diana Taylor, a participant on the community employment scheme. The survey unearthed a number of previously undocumented sites including possible megalithic tombs.

National Heritage Week, a joint initiative of the Council of Europe and the European Union, is co-ordinated by The Heritage Council with support from The Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht and Fáilte Ireland in August. During the week Comhar Dún Chaocháin Teo organised three very successful events - an exhibition of old photographs and a slide show, documenting aspects of the agricultural, maritime and folklore heritage of Dún Chaocháin by Uinsíonn Mac Graith; a lecture on the archaeology of the parish of Cill Chomáin by Diana Taylor, and a guided nature walk 'Siúlóid Dúlra' along the cliff-top at Cill a' Ghallagáin led by Séamus Ó Mongáin. The committee gratefully acknowledges the support of all those who attended the events, and of Mayo County Council Heritage Office for part-funding the programme.

In September The Temple Bar Cultural Trust, with support from The Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht, and in association with Mayo County Council and cultural organisations throughout the country, organised a National Cultural Night. The aim of the initiative is to celebrate the cultural and artistic richness of Ireland and to give communities an opportunity to partake in various activities. Twenty two venues in County Mayo participated including Comhar Dún Chaocháin Teo, which organised a a 'Sean Nós Dancing Workshop' in the Seanscoil with special guest Patrick Devane, winner of the TG4 National Trophy in the Sean-Nós Dancing category at the Oireachtas 2011.

Work on surveying the graveyards of the parish continued. This follows on from the material already published on Teampall Chill Ghallagáin and Teampall Chill Chomáin (Poll a' tSómais) old graveyard. Uinsíonn Mac Graith completed the survey of the new graveyard at Poll a' tSómais, marking the graves on a plan and recording the headstone details while Diana Taylor recorded the headstone details at Inbhear, Gleann na Muaidhe and Greanaí graveyards.

The Cill Chomáin Rural Social Scheme is managed by Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin under the auspices of Údarás na Gaeltachta and includes an environmental workplan submitted by Comhar Dún Chaocháin Teo. Some of the works carried out over the past year include refuse collection at local beaches and graveyards as part of An Taisce's National Spring Clean and Mayo County Council's Litter League initiatives, the construction of a stone wall at Alt Mór in Port a' Chlóidh, maintenance work on the Ceathrú Thaidhg walks and enhancement works at the Seanscoil in Ceathrú Thaidhg.

When the Minister for the Environment, Community and Local Government Phil Hogan announced the 2012 Green Coast Awards, Port a' Chlóidh beach was named as one of the recipients of this national environmental award. The award is based on a pristine environment, excellent water quality which complies with E.U. regulations, and natural beauty.

Margadh Feirmeoirí Iorrais (Erris Farmers Market) was held in Carter Square, Béal an Mhuirthead, every Saturday during the summer. The market provides a forum for local producers to develop new food initiatives and offers consumers the opportunity to savour fresh, seasonal produce from the Erris area.

During the year the committee supported Guth na Gaeltachta and Conradh na Gaeilge's campaign to retain Gaeltacht schemes and made representations to public representatives on these matters. An open day was organised in the Seanscoil in April inviting members of the community to drop in and familiarise themselves with the comharchumann's services and programme of work. The organisation's office provides information/assistance to voluntary groups in relation to developing and managing projects, sourcing funding etc. Information and application forms are available on various schemes including training opportunities and enterprise development, as well as photocopying, laminating and fax services. Nuachtlitir Chill Chomáin, a community newsletter, is published four times a year providing a voice for the local community and an update on development issues.

Comhar Dún Chaocháin Teo would like to thank the following agencies for their assistance in 2012 and looks forward to their continued co-operation in 2013:- The Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht, Mayo County Council, Údarás na Gaeltachta, FÁS, Mayo Sports Partnership, The Irish Heart Foundation, The Department of Health and Children, Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo, The Health Services Executive, County Mayo Childcare Committee, Barnardos, Fáilte Ireland, Foras na Gaeilge, Glór na nGael Teo, Óige na Gaeltachta Teo and Mayo Vocational Education Committee.

Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

Bliain na Gaeilge 2013

Céard í Bliain na Gaeilge?

Cuireadh tús le hathbheochan na Gaeilge in 1893 le bunú Chonradh na Gaeilge. I 2013 tabharfar aitheantas ar an dul chun cinn ar fad atá déanta le 120 bliain anuas ag na heagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta, na scoileanna agus grúpaí eile ó shin i leith chun an Ghaeilge a chaomhnú, a bhuanú agus a chur chun cinn. I rith na bliana eagrófar clár imeachtaí, comórtais agus tionscadail Ghaeilge ar fud na tíre le deis a thabhairt don phobal an teanga Ghaeilge a cheiliúradh.

Céard is féidir leat déanamh i 2013?

Bain úsáid as an méid Gaeilge atá agat le do chairde, do ghaolta, do chomhghleacaithe agus eile i 2013

Féach ar na himeachtaí ar fad ar an suíomh gréasáin agus déan iarracht freastal ar chuid acu

Glac páirt sna comórtais – tá duaiseanna iontacha le baint amach

Déan cinneadh feabhas a chur ar do chuid Gaeilge nó í a fhoghlaim i 2013 (d'fheadfaí páirt a ghlacadh sa bhfeachtas Líofa 2015*)*

Meall cairde thar lear teacht go hÉirinn i 2013 le freastal ar imeachtaí de chuid Bhliain na Gaeilge agus páirt a ghlacadh i Tóstal Éireann 2013

Ceannaigh earraí atá déanta in Éirinn le cabhrú leis an timpeallacht ina bhfuil an Ghaeilge á cur chun cinn

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Julian de Spáinn, Comhordú Náisiúnta Bliain na Gaeilge 2013, Conradh na Gaeilge ar 086 8142757 nó ar an ríomhphoist ag julian@cnag.ie Tá breis eolais le fáil ar an suíomh idirlíne www.gaeilge2013.ie nó seol ríomhphoist chuig eolas@gaeilge2013.ie

What is Bliain na Gaeilge?

The revival of the Irish language began in 1893 with the founding of The Gaelic League, or Conradh na Gaeilge as it is now known. In 2013 recognition will be given to the progress made over the last 120 years by Irish language and Gaeltacht organisations, schools and other groups in preserving, reviving and promoting the language. A year-long programme of events, competitions and Irish language projects will be organised throughout the country to provide people with an opportunity to celebrate the Irish language.

What can you do in 2013?

Use whatever Irish you have with friends, relatives, colleagues and others in 2013

Look up the events on the website and try to attend some of them

Take part in the competitions – there are great prizes to be won

Make the decision to improve your Irish or learn the language in 2013 (you could sign up for the *Líofa 2015* campaign)

Encourage friends abroad to come to Ireland in 2013 to attend the events of Bliain na Gaeilge and to take part in *The Gathering 2013*

Buy products made in Ireland to help the environment in which we are promoting the Irish language

Julian de Spáinn, National Co-ordinator of Bliain na Gaeilge 2013, Conradh na Gaeilge can be contacted at 086 8142757 or e-mail julian@cnag.ie Further details are available on the website www.gaeilge2013.ie or by e-mail eolas@gaeilge2013.ie

Ag seoladh Bliain na Gaeilge 2013 i mBéal an Mhuirthead ar an 25ú Samhain bhí ó chlé: Oonagh Ní Cheilleachair (Oifigeach Gaeilge le Comhairle Chondae Mhaigh Eo), Ciarán Ó Murchú (Coláiste UISCE) agus Treasa Ní Ghearraigh (Comhar Dún Chaocháin Teo) (Pic: Uinsíonn Mac Graith)

Scéalta Eile / Other News

An Dara Teampall ag Poll a' tSómais / Survey of Poll a' tSómais Second Graveyard

Tá suirbhé déanta ag Uinsíonn Mac Graith, thar ceann Comhar Dún Chaocháin Teo, ar an dara teampall i bPoll a' tSomáis chun na huaigheanna uilig a mharcáil ar phlean agus stair an teampaill a bhreacadh síos. Amach anseo tá sé beartaithe an t-eolas a fhoilsiú i bhfoirm leabhair, cosúil leis na leabhair a foilsíodh ar Theampall Chill Ghallagáin i 2009 agus ar Shean-Teampall Chill Chomáin (Poll a' tSómais) i 2011. Má tá eolas nó grianghraif agat de do mhuintir, atá curtha sa teampall, cuir glaoch led' thoil ar 097 88082 / 087 1251642 nó 087 7928865.

Uinsíonn Mac Graith, on behalf of Comhar Dún Chaocháin Teo, has completed a survey of the second graveyard at Poll a' tSómais marking the graves on a plan and recording its history. At a future date it is intended to produce a book, similar to the Teampall Chill Ghallagáin book which was published in 2009, and the Cill Chomáin (Poll a' tSómais) Old Graveyard book which was published in 2011. If you have information or photographs (or memory cards) of deceased relatives who are buried in the new graveyard, and would like to have them included, please contact any of the following numbers 097 88082 / 087 1251642 / 087 7928865. All photographs will be scanned and returned.

Above: Treasa Ní Ghearraigh (Comhar Dún Chaocháin Teo) presents a cheque for €665 to Paddy Mc Guire, Chairman of Poll a' tSómais graveyard committee. This is part of the proceeds this year from the sale of the Cill Chomáin/Poll a' tSómais graveyard book and goes towards the upkeep of the graveyard. Also pictured (from left) are Bina Murphy, Marty Healy, Mai Mc Guire, Nancy Timlin and Eithne Sheeran. (Grianghraf: Uinsíonn Mac Graith)

Leabhar ar Theach a' Phobail an Chorráin Bhuí



Tá sé céad bliain ó leagadh síos bunchloch Réalt na Mara - Teach a' Phobail an Chorráin Bhuí. In omós na hócáide tá leabhar scríofa ag an Athair Eddie Rogan dar teidil "The New Church: Building, People & Priests". Leabhar fíor-chuimsitheach é seo a dhéanann cur síos ar stair Réalt na Mara – ar an bhfoirgneamh, ar mhuintir na háite agus ar na sagairt a d'freastal ann. Tá an leabhar le fáil sna hoifigí poist ar fud an pharóiste, sa Seanscoil agus i Siopa Ghearbháin i gCeathrú Thaidhg, i dTeach Denny i Ros Dumhach, i Siopa hÉalaí ag Barr na Trá, in Oifig an Pharóiste i mBaile na hAchadh, i Siopa Uí Chiaráin, Eurospar agus in Oifig an Pharóiste i mBéal an Mhuirthead. Nó is féidir glaoch ar chur ar an Athair Rogan ag 097 84598

One hundred years ago the foundation stone of the Star of the Sea church in Corrán Buí was laid down. To mark this special occasion Fr Eddie Rogan has written a book "The New Church: Building, People & Priests" offering a comprehensive account of its history. The book is now available at the following outlets:- the post offices in the parish, the Seanscoil and Garvin's shop in Ceathrú Thaidhg, Denny's in Rossport, Healy's Spar at Barr na Trá, the parish office in Baile na hAchadh, Carey's Newsagent, Eurospar and the religious bookshop in Belmullet. Or enquiries can be directed to Fr Rogan at 097 84598.

Taispeántais Chócaireachta / Cookery Demonstrations

Tá an cócaire cáilithe Calann Uí Cheallaigh ag leanacht ar aghaidh leis na taispeántais chócaireachta ina teach ar an gCorrán Buí. Beidh an chéad sheisiún eile ar siúl Dé Luain, an 14ú Eanair, óna 7.00 go 9.00 i.n. ar an téama 'Bia na hÉireann'. Foghlaimeoidh tú an chaoi le miasa so-bhlasta a ullmhú, a rachfaidh i bhfeidhm ar do chlann agus ar do chairde. Tá sé molta teagmháil a dhéanamh le Calann roimhré ar 089 4901431, nó ar an ríomhphoist ag calann@live.ie nó is féidir cuairt a thabhairt ar an suíomh idirlíne www.calannkelly.com. Táille €10 atá ar an seisiún.

Hands-on cookery demonstrations with Chef Calann Kelly will quickly increase your culinary skills in the kitchen. The next demonstration on the theme 'Irish Fare' will take place in Calann's home in Corrán Buí on Monday, 14th January, from 7.00 to 9.00 p.m. Learn new recipes that will impress your family and guests. It is advisable to book in advance by contacting Calann on 089 4901431, or e-mail calann@live.ie or check out the website www.calannkelly.com The cost of the session is €10.

Taispeántas Ealaíne / Painting Exhibition in the Seanscoil



Rugadh an t-ealaíontóir Mick O' Dea in Inis, Condae an Chláir agus rinne sé staidéar ag Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, agus ag Ollscoil Massachusetts. Is iomaí gradaim chlúiteach atá bronnta air agus i 1996 bhí sé tofa mar bhall ar an RHA agus ar Aosdána. Ba oíche speisialta a bhí sa Seanscoil, mar sin, ar an 3ú Nollaig nuair a rinne Mick cur i láthair ar chuid dá shaothar – portráidí, tírdhreacha, péintéireachtaí stairiúla de Chogadh na Saoirse in Éireann agus péintéireachtaí de Phort a' Chlóidh, áit a bhfuil cónaí air anois.

Born in Ennis, County Clare, painter Mick O' Dea studied at the National College of Art and Design, and at the University of Massachusetts. He has won numerous prestigous awards and in 1996 was elected an RHA and a member of Aosdána. The 3rd December was a special occasion in the Seanscoil when Mick showed and described a selection of his paintings stretching back over three decades including portraits, landscapes, historical paintings of the Irish War of Independence and recent paintings of Port a' Chlóidh, where he now resides.

Lóistín Féin-Fhreastail / Self Catering Accommodation

Má tá lóistín féinfhreastail le fáil ar chíos agat, agus go dteastaíonn cuidiú uait é a chur i láthair chustaimeirí in Éireann nó i Sasana, seo é do sheans. Téigh i dteagmháil le Imagine Ireland ar 1890 94 6663 nó tabhair cuairt ar a suíomh idirlíne imagineireland.com Tá sé molta réamhullmhúcháin a dhéanamh anois chun clárú i 2013.

If you have self-catering accommodation to rent, and would like assistance to promote it to potential customers in Ireland and in the U.K. you may wish to contact Imagine Ireland on 1890 94 6663 or visit their website imagineireland.com It is advisable to prepare now for registration in 2013.

Teastas Eorpach sa Ghaeilge / European Certificate in Irish

Tá Comhar Dún Chaocháin Teo, i gcomhar le hIonad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus Údarás na Gaeltachta, ag eagrú cúrsaí gaeilge d'fhoghlaimeoirí fásta in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile i gCeathrú Thaidhg. Faoi láthair tá Leibhéal A1 (le haghaidh tosaitheoirí) Leibhéal A2, Leibhéil B1 agus B2

(meán leibhéal) ar bun chuile oíche Dé Máirt ag tosnú ag 7.00 i.n Déan teagmháil le Vincent ag 087 7557244 nó le Comhar Dún Chaocháin Teo ag 097 88082 le haghaidh tuilleadh eolais.

Comhar Dún Chaocháin Teo in conjunction with The Language's Centre, University College Maynooth and Údarás na Gaeltachta, is organising Irish language courses in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg to cater for adult learners. At present Level A1 (Beginners), Level A2, Level B1 and B2 (intermediate) are held on Tuesday nights starting at 7.00 p.m. For further information please contact Treasa on 097 88082/087 1251642 or Vincent on 087 7557244.

Damhsa Traidisiúnta agus Ceol / Traditional Irish Dancing and Music Classes

Eagraítear ranganna damhsa traidisiúnta le Nessa Ní Chuimlín sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg chuile Aoine óna 5.00 go 7.00 i.n. Tá céim sa Damhsa agus Ceol Gaelach bainte amach ag Nessa ó Ollscoil Luimnigh. Déanann na ranganna freastal ar chuile aoisghrúpa idir páistí agus daoine fásta agus is bealach iontach é chun aclaíocht a fháil agus bualadh le daoine. Tosaíonn na ranganna ceoil ag 7.15 i.n. Tá breis eolais le fáil ó Nessa ag 086 6686803 nó ar an ríomhphost ag nessatimlinschool@gmail.com nó dunchaochain1@eircom.net

Traditional Irish Dancing Classes are held in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg every Friday from 5.00 to 7.00 p.m. with tuition provided by Nessa Timlin who has a Bachelor of Arts in Irish Music and Dance from the University of Limerick. All age groups and dance levels are catered for from children to adults. This is a fun way of learning to dance, getting exercise and meeting new friends. Music lessons are also organised at 7.15 p.m. For further information please contact Nessa on 086 6686803 or e-mail nessatimlinschool@gmail.com or dunchaochain1@eircom.net

Club Óige Ceathrú Thaidhg / Ceathrú Thaidhg Youth Club

Beidh an chéad chruinniú eile den Chlub Óige i gColáiste Chomáin, Ros Dumhach Dé hAoine, an 11ú Éanair, ag 7.00 i.n. Má tá déagóir ag iarraidh a bheith páirteach in imeachtaí an Chlub caithfidh sé/sí an táille chlarúcháin €7 a íoc. As sin amach beidh táille de €2 san oíche le n-íoc. Tá breis eolais le fáil ó Threasa ag 097 88082 nó ó Áine ag 087 6739455

The next meeting of the Youth Club will be held in Coláiste Chomáin, Ros Dumhach on Friday, 11th January, at 7.00 p.m. Any young person who wishes to take part in the activities of the Club must pay a registration fee of €7. Thereafter a fee of €2 per night applies. We thank you in advance for your co-operation. Further information is available from Treasa at 097 88082 or from Áine at 087 6739455.

Unislim

Tagann grúpa Unislim le chéile sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg chuile Mháirt óna 7.00 i.n. go 7.30 i.n. Is grúpa tacaíochta é le cuidiú leat meachain a chailleadh.

The Unislim group meets in the Seanscoil in Ceathrú Thaidhg on Tuesday nights from 7.00 to 7.30 p.m. This is a support group for those who wish to lose weight.

Forbairt Pearsanta / Discover Your Interests

Ag brath ar éilimh tá sé beartaithe ag an Tionscnamh HOPE cúrsa sé seachtaine (lá amháin sa tseachtain le haghaidh dhá uair a' chloig) a eagrú d'fhir agus mhná ar Fhorbairt Phearsanta, a bhéas ar siúl i bparóiste Chill Chomáin. Is iad aidhmeanna an chúrsa ná:-

- *Timpeallacht shuaimhneach, thacaíochta a chur ar fáil do rannphairtithe, ina mbeidh siad inann dul i dtaithí ar a n-ábhair spéise agus ar a gcaitheamh aimsire arl, a chuirfidh lena dea-shláinte agus a sochar.*
- *Tacú leis na rannphairtithe chun na céimeanna cuí a thógáil lena n-ábhair spéise a fhorbairt.*
- *Modhanna bainistiú strios agus cúraim pearsanta a fhoghlaim.*
- *Scileanna cumarsáide agus sóisialta a fhorbairt taobh istigh de ghrúpa. Beidh rogha ag na rannphairtithe cúnamh aonair a fháil nuair atá an cúrsa críochnaithe acu.*

Tá breis eolais le fáil ag 087 1857280 nó ar an ríomhphost ag hope@thefamilycentre.com

If there is sufficient demand The HOPE Project is offering a six week course (one day a week for two hours) to men and women called 'Discover Your Interests' which will be held in the parish of Cill Chomáin. The aims of the course are:-

- To give participants a relaxed, supportive environment in which to explore and rediscover interests, hobbies etc. which could enhance their health and wellbeing.
- To support participants through the necessary steps to develop their interests.
- To learn practical stress management and self-care techniques.
- To develop communication and social skills within a group setting. Participants may have an option for one to one assistance on completion of the course.

To enquire or book your place tel 087 1857280 or email hope@thefamilycentre.com

An Scéim Shóisialta Tuaithe / The Rural Social Scheme

Tá plean oibre timpeallachta an chomarchumainn dá chur i bhfeidhm faoi Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin, atá dá reachtáil ag Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin, faoi scáth Údarás na Gaeltachta. Is iad seo a leanas cuid de na hoibreacha atá ar bun faoi láthair:-

- *Tógáil balla cosanta gar don Alt Mór i bPort a' Chlóidh*

* *Forbairt ar Shiúlóid na Binne Buí*

* *Cothabháil ar shiúlóidí Ceathrú Thaidhg*

* *Obair chothabhála ar an Seanscoil i gCeathrú Thaidhg*

The Cill Chomáin Rural Social Scheme is managed by Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin, under the auspices of Údarás na Gaeltachta, and includes an environmental enhancement workplan submitted by Comhar Dún Chaocháin Teo. The following are some of the works been undertaken at present:-

* The construction of a stone wall at Alt Mór in Port a' Chlóidh

* The development of the Binn Bhuí loop walk

* Maintenance work on the Ceathrú Thaidhg walks

* Enhancement works at the Seanscoil in Ceathrú Thaidhg

Tá tuilleadh eolais le fáil ó Phádraig Ó Dochartaigh (saoiste na scéime) ag 087 9785035